Tógfaimid caisleán

Ceart go leor gach duine – ar dtús, caithfimid gaineamh a fháil!
Sea – gaineamh!

Líon an buicéad
Líon an buicéad
Líon é le gaineamh
Líon é le gaineamh
De réir a chéile
Tógfaimid caisleán.

Líon an buicéad
Líon an buicéad
Líon é le sliogáin
Líon é le sliogáin
De réir a chéile
Tógfaimid caisleán.

Curfá:
Caisleán álainn ar an trá
Le fuinneoga is doras ann
Tógfaimid an ceann is fearr ar domhan!

Líon an buicéad
Líon an buicéad
Líon é le huisce
Líon é le huisce
Is de réir a chéile
Tógfaidh muid caisleán.

Curfá:

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Caisleán!

Ar dtús, caithfimid gaineamh a fháil!
Sea – gaineamh!

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin